Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15610/24**

**SOC 834**
**EMPL 570**
**COH 68**
**ANTIDISCRIM 157**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí cumasúcháin agus fostaíochta chun cuimsiú sóisialta daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, a chur chun cinn trí neamhionannais chríochacha a laghdú<br>– *Formheas* |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht tacar dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí cumasúcháin agus fostaíochta chun cuimsiú sóisialta daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, a chur chun cinn trí neamhionannais chríochacha a laghdú.'

2. Rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí sin a scrúdú an 2 Meán Fómhair, an 4 Deireadh Fómhair agus an 4 Samhain 2024.

3. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

4. Dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis an téacs an 22 Samhain 2024.

5. Iarrtar ar Chomhairle EPSCO na Conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle
maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí cumasúcháin agus fostaíochta chun cuimsiú sóisialta daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, a chur chun cinn trí neamhionannais chríochacha a laghdú**

**AGUS AN MÉID A LEANAS Á AITHINT ACU:**

1. Is luachanna bunúsacha de chuid an Aontais Eorpaigh iad meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse agus ar chearta an duine. Tá an tAontas tiomanta deireadh a chur le neamhionannais, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, troid i gcoinne an idirdhealaithe, agus an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú.

2. I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, leagtar béim, *inter alia*, ar an gceart atá ag cách ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach (Prionsabal 1), ar chomhionannas deiseanna (Prionsabal 3), agus ar thacaíocht ghníomhach chun fostaíochta (Prionsabal 4). Thairis sin, tá an ceart ag leanaí cosaint a fháil ar an mbochtaineacht agus ar oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne ar ardchaighdeán (Prionsabal 11). Leis an gceart oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne ar ardchaighdeán a fháil, is féidir rannchuidiú freisin le comhionannas idir mná agus fir, rud nach mór a áirithiú i ngach réimse (Prionsabal 2). Tá an ceart ag gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu ar shochair leordhóthanacha ioncaim íosta lena n-áirithítear saol faoi dhínit ag gach céim den saol, agus ar rochtain éifeachtach ar earraí agus ar sheirbhísí cumasúcháin (Prionsabal 14), agus tá an ceart ag gach duine ar chúram sláinte tráthúil inacmhainne, coisctheach agus leigheasach (Prionsabal 16). Tagraítear sa Cholún freisin do rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta dóibh siúd atá i ngátar (Prionsabal 19) agus rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha ar dhea-chaighdeán (Prionsabal 20).

3. Sa Mholadh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a ghlac an Chomhairle in 2021, iarradh ar na Ballstáit iarrachtaí a chomhdhlúthú chun eisiamh sóisialta agus eacnamaíoch, agus na bunchúiseanna atá leo, a chosc agus a chomhrac go héifeachtach agus, chuige sin, cur chuige comhtháite a shaothrú. Chomh maith leis an bhfrithghiofógachas a chosc agus dul i ngleic leis mar thosaíocht thrasearnálach mar chuid de chomhrac an idirdhealaithe agus na hidirdheighilte, i gcás na gcuspóirí earnála uile a chumhdaítear leis an Moladh, is iad sin an t-oideachas, an fhostaíocht, cúram sláinte, an tithíocht agus seirbhísí bunriachtanacha, moladh go n-áiritheodh na Ballstáit rochtain chomhionann éifeachtach gan bhacainní ar na seirbhísí sin. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle do na Ballstáit na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla a spreagadh chun a bpleananna gníomhaíochta áitiúla nó a bpleananna dídheighilte áitiúla, chomh maith lena gcreataí straitéiseacha, a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta agus go mbeadh bearta, bonnlínte, tagarmharcanna, cuspóirí intomhaiste agus leithdháiltí cistiúcháin iontu.

4. Molann an Coimisiún Eorpach ina threoirlínte chun creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh a phleanáil agus a chur chun feidhme go ndíreofar le creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh ar idirghabhálacha ar bhonn críochach chun a áirithiú go gcuirfear dálaí áitiúla san áireamh leo agus go gcomhcheanglófar leo spriocdhíriú ar ghrúpaí críochacha agus sóisialta i bhfoirm idirghabhálacha leathana (e.g. chun dul i ngleic leis an bhfíorbhochtaineacht), agus chun dul i ngleic le heisiamh digiteach na Romach. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go sroichfidh idirghabhálacha den sórt sin na Romaigh. Tá tuilleadh forbartha fós le déanamh ar na táscairí is gá chun faireachán a dhéanamh, lena léirítear leithscaradh cónaithe, gnéithe geografacha staid na Romach, agus rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar i limistéir éagsúla.

5. I Moladh 2021 ón gComhairle lena mbunaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, moltar go ráthóidh na Ballstáit go mbeidh rochtain éifeachtach agus, i gcás inarb ábhartha, saor in aisce ag leanaí atá i ngátar ar na seirbhísí atá faoina raon feidhme. Chuige sin, moltar do na Ballstáit cur chuige comhtháite ildisciplíneach a leanúint agus aghaidh á tabhairt acu ar ghné chríochach an eisiaimh shóisialta, agus cás sonrach na leanaí lena mbaineann i limistéir uirbeacha, thuaithe, iargúlta agus faoi mhíbhuntáiste á chur san áireamh.

6. I Moladh 2023 ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt, leagtar béim ar rannchuidiú an gheilleagair shóisialta le cuimsiú sóisialta grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus faoi ghannionadaíocht. Moltar do na Ballstáit tionscnaimh chomhpháirtíochta a bhunú nó a spreagadh lena dtugtar rannpháirt d'eintitis an gheilleagair shóisialta i gceapadh agus soláthar beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair chomh maith le seirbhísí sóisialta agus cúraim duinelárnacha.

7. I rún ó Pharlaimint na hEorpa a glacadh in 2022, cuireadh i dtábhacht go bhfuil go leor Romach san Eoraip fós ag maireachtáil faoi bhochtaineacht agus go bhfuil siad eisiata go sóisialta, fadhb atá fite fuaite le deighilt chríochach agus rochtain mhíchothrom ar sheirbhísí. Thug an Pharlaimint dá haire go bhfuil cónaí ar go leor Romach i réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go práinneach ar chás na Romach atá ina gcónaí i lonnaíochtaí ar bhealach cuimsitheach agus éifeachtach, le beartais agus cistiú iomchuí.

8. Sa tuarascáil ón ngrúpa ardleibhéil dar teideal *The future of social protection and of the welfare state in the EU* [Todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa san Aontas Eorpach], leagtar béim ar 'a thábhachtaí atá stát leasa atá cuimsitheach agus cothrom' agus faightear amach, *inter alia*, go mbaineann rioscaí agus deiseanna araon leis an digiteáil agus leis an athrú teicneolaíoch, agus go bhfuil an baol ann go dtiocfaidh méadú ar neamhionannais mar gheall ar bhearnaí i scileanna agus rochtain ar theicneolaíocht na faisnéise. Ina theannta sin, tugtar le fios sa tuarascáil go gcruthaíonn forbairtí teicneolaíochta deiseanna d'eagrú agus éifeachtúlacht na cosanta sóisialta. Agus an méid sin á chur san áireamh, molann an grúpa ardleibhéil go bhfeabhsódh na Ballstáit, *inter alia*, soláthar seirbhísí ar an leibhéal áitiúil agus go mbainfeadh siad an leas is fearr is féidir as deiseanna digiteála. Chomh maith leis sin, molann sé gur cheart cuimsiú sóisialta agus rochtain chomhionann ar iompar poiblí a bheith mar chuid den phleanáil uirbeach agus tuaithe agus gur cheart fóirdheontais phoiblí a bheith mar thaca leo, agus aird ar leith á tabhairt ar limistéir dhíothacha.

9. Déanann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit iarrachtaí leanúnacha chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Trína bheartas comhtháthaithe, tá sé d'aidhm ag an Aontas éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil a laghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil tionchar ag an aistriú tionsclaíoch orthu, agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu. Tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme na gcuspóirí comhaontaithe lena gcuirtear comhtháthú críochach agus forbairt shocheacnamaíoch chun cinn trí chistiú an bheartais comhtháthaithe agus béim ar leith á leagan ar réigiúin bheagfhorbartha.

10. Is príomhuirlis chistiúcháin de chuid an Aontais é Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) chun infheistíocht a dhéanamh san fhostaíocht, san oideachas agus i scileanna chomh maith leis an gcuimsiú sóisialta. Tacaíonn sé, *inter alia*, le lánpháirtiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, mar atá na Romaigh agus náisiúnaigh tríú tíortha, imircigh san áireamh, a chur chun cinn, agus le lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na daoine is díothaí agus leanaí. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit uile 25 % ar a laghad dá n-acmhainní ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a leithdháileadh ar chur chun cinn an chuimsithe shóisialta agus 3 % ar a laghad a leithdháileadh ar bhearta lena dtacaítear leis na daoine is díothaí, trí aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha trí bhia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach agus trí bhearta tionlacain a chur ar fáil chun tacú lena gcuimsiú sóisialta, nó trí lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a chur chun cinn. Na Ballstáit ina bhfuil leibhéal bochtaineachta leanaí os cionn mheán an Aontais, ceanglaítear orthu 5 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+ a leithdháileadh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht sin.

11. Agus béim á leagan ar an rath a bhí ar bheartas comhtháthaithe an Aontais, go háirithe maidir le cóineasú aníos leanúnach san Aontas, tugtar le fios sa tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal *Ninth Report on Economic, Social and Territorial Cohesion* [An Naoú Tuarascáil faoin gComhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach], a foilsíodh i mí an Mhárta 2024, gur ann d'éagothromaíochtaí críochacha fós agus go bhfuil tionchar acu ar fhorbairt fhoriomlán eacnamaíoch agus shocheacnamaíoch na hEorpa. Ní thairbhíonn gach réigiún den dinimic fáis chéanna. Léirítear na difríochtaí sin i dtreochtaí eacnamaíocha go páirteach i margadh an tsaothair agus sna difríochtaí oideachais, agus in ainneoin an chóineasaithe a tugadh faoi deara san Aontas, tá dúshláin fós ann, mar shampla, neamhionannais fhonáisiúnta idir limistéir mhóra uirbeacha agus réigiúin eile atá tite ar gcúl, lena n-áirítear réigiúin atá gafa i 'ngaiste forbartha'. Cuirtear in iúl sa tuarascáil freisin gur fearr an rochtain atá ag daoine i réigiúin uirbeacha ar oideachas agus oiliúint chomh maith le seirbhísí sláinte. Is sna réigiúin uirbeacha a chomhchruinnítear an caipiteal daonna, áirithítear leis ardchaighdeán seirbhísí agus, mar gheall air sin, meallann siad infheistíocht go nádúrtha. É sin ráite, in ainneoin na réigiúin sin a bheith tarraingteach, ní gan locht ar fad iad má chuirtear mórphlódú, dúshláin shóisialta, agus an costas tithíochta san áireamh, nithe a d'fhéadfadh an bonn a bhaint dá n-iomaíochas. Go ginearálta, d'fhéadfadh deighilt chríochach a tharlaíonn mar gheall ar éagsúlachtaí inmheánacha san fhorbairt shocheacnamaíoch an bonn a bhaint d'iomaíochas na mBallstát agus an Aontais, chomh maith le hinbhuanaitheacht an fháis san fhadtéarma. Le samhail forbartha níos polalárnaí a thógfadh ar chathracha beaga agus meánmhéide agus a chuirfeadh inrochtaineacht seirbhísí poiblí chun cinn i gceantair atá i bhfad ó lárionaid uirbeacha mhóra d'fhéadfaí na míchothromaíochtaí críochacha sin a mhaolú.

12. Sa tuarascáil chéanna, cuireann an Coimisiún in iúl freisin gur tháinig laghdú, idir 2013 agus 2019, ar chion na ndaoine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ó 35 % go 28 % i réigiúin bheagfhorbartha, agus gur fhan sé gan athrú ag 19 % sna réigiúin forbartha. Idir 2015 agus 2019, tháinig laghdú ar ráta na ndaoine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas agus níor tháinig aon athrú air ó shin go dtí 2022 i mbailte, bruachbhailte agus limistéir inar tearc an daonra. Sna 7 mbliana go dtí 2022, tháinig laghdú 2.4 pointe céatadáin go 22 % ar an meán ar an ráta sin, agus bhí an laghdú an-mhór i gceantair thuaithe (4.3 pointe céatadáin), agus i mBallstáit áirithe bhí an laghdú níos airde fós (7.4 pointe céatadáin).

13. Mura dtabharfar aghaidh ar dhúshláin dhéimeagrafacha, d'fhéadfaidís a bheith ina srian fadtéarmach ar iomaíochas an Aontais agus ina mbagairt mhéadaitheach ar chomhtháthú mar gheall ar an mbaol go dtiocfaidh méadú ar éagothromaíochtaí idir réigiúin agus laistigh díobh. Is i gceantair agus i réigiúin iargúlta agus thuaithe is mó atá na dúshláin sin, áiteanna a bhfuil na dúshláin is forleithne a bhaineann le dídhaonrú, aosú déimeagrafach agus an lucht saothair a bheith ag dul i laghad. Dá bhrí sin, is céim riachtanach agus éifeachtach sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta é neamhionannais chríochacha a laghdú, lena n-áirítear trí rochtain ar sheirbhísí ar an leibhéal áitiúil a fheabhsú, rud a d'fhéadfadh cur le hiomaíochas an Aontais.

14. In 2022, ní raibh sé d'acmhainn ag 7.6 %[1] de na daoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas Eorpach nasc idirlín a bheith acu, i gcomparáid le 2.4 % de dhaonra foriomlán an Aontais,[2] rud a léiríonn éagothromaíochtaí suntasacha idir na Ballstáit. In 2023, ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 56 % de dhaoine idir 16-74 bliana d'aois san Aontas[3]. Tá an deighilt uirbeach agus tuaithe tábhachtach freisin. I gceantair thuaithe, d'fhéadfadh rochtain ar naisc leathanbhanda agus ar líonraí móibíleacha a bheith teoranta, ar cháilíocht níos ísle, nó d'fhéadfadh costas níos airde a bheith ag baint leo[4]. Idir an dá linn, bíonn tionchar ag leibhéal an oideachais fhoirmiúil ar leibhéal na scileanna digiteacha. Ba é 46 phointe céatadáin a bhí sa bhearna bunscileanna digiteacha idir daoine ardoilte (80 %) agus iad siúd nach raibh oideachas foirmiúil acu nó ar bheag an t-oideachas foirmiúil a bhí acu (34 %) san Aontas[5].

1 In 2021, ba é 8.4 % an figiúr a bhí ann.
2 An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil maidir le Rochtain ar Sheirbhísí Riachtanacha san Aontas Eorpach, Meitheamh 2023
3 Eurostat, 'Gluais: Táscaire Scileanna Digiteacha', Lúnasa 2023
4 An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil maidir le Rochtain ar Sheirbhísí Riachtanacha san Aontas Eorpach, Meitheamh 2023
5 https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Skills_for_the_digital_age

15. Léirítear i dtorthaí shuirbhé 2021 Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) ar na Romaigh go bhfuil ardleibhéil díothachta, imeallaithe, idirdhealaithe agus eisiaimh shóisialta os comhair na Romach ar fud na hEorpa. Athraíonn cion na Romach atá ina gcónaí i dteaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta ar fud na dtíortha6 atá san áireamh sa suirbhé. Tá suas le 80 % de na Romaigh i mbaol bochtaineachta agus níor athraigh sé sin idir 2016 agus 2021. Ar an meán, tá an figiúr AROP is airde i measc na Romach atá ina gcónaí i gcathracha (ceantair ina bhfuil daonra dlúth, 87 %) agus i gceantair thuaithe (ceantair ina bhfuil daonra beag, 83 %). I mbailte agus i mbruachbhailte (ceantair dlúis idirmheánacha) is ionann é agus 78 %. Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé go gcríochnaíonn níos mó Romach oideachas meánscoile uachtaraí ar a laghad i gceantair uirbeacha i gcomparáid le ceantair thuaithe. Maidir le fostaíocht, ní raibh ach 43 % de na Romaigh idir 20–64 bliana d'aois in obair íoctha ar fud na n-ocht mBallstát den Aontas[7] a ndearnadh suirbhé orthu, gan beann ar iad a bheith ina gcónaí i gceantair thuaithe nó uirbeacha.

16. Sa tuarascáil chéanna, ar an meán, tá nasc idirlín le haghaidh úsáid phearsanta ag 55 % de na Romaigh nuair is gá. Laghdaíonn an cion sin go 47 % i gcás na Romach atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, agus méadaíonn sé go 60 % i gcás na Romach i gcathracha, i mbailte agus i mbruachbhailte. Tá an difríocht níos mó fós nuair a dhéantar comparáid idir Romaigh a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta (52 %) agus iad siúd nach bhfuil (71 %). Níl ríomhaire ach ag 34 % de na Romaigh i gceantair thuaithe, i gcomparáid le 43 % i gcathracha agus 42 % i mbailte agus i mbruachbhailte.

---

[6] An Chróit, an Ghréig, an Iodáil, an Mhacadóin Thuaidh, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSeirbia, an Spáinn agus an Ungáir.

[7] An Chróit, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an Spáinn agus an Ungáir.

17. Leagtar béim sa tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún ar ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach maidir le rochtain chothrom ar sheirbhísí riachtanacha a áirithiú. Leagtar béim sa tuairim ar na dúshláin a bhaineann le seirbhísí sóisialta a sholáthar, go háirithe i gceantair iargúlta nach ndéantar freastal ceart orthu, mar gheall ar éagothromaíochtaí sa bhonneagar, sa rochtain dhigiteach agus ó thaobh pearsanra oilte, chomh maith le srianta fioscacha. Molann sé straitéis chuimsitheach forbartha réigiúnaí lena gcomhtháthaítear laghdú na bochtaineachta, cuimsiú sóisialta, litearthacht dhigiteach agus foghlaim ar feadh an tsaoil, agus iarrann sé ag an am céanna go ndéanfaí infheistíochtaí spriocdhírithe i limistéir dhíothacha. Ina theannta sin, leagtar béim ann, *inter alia*, ar an ngá atá le samhlacha seachadta seirbhíse feabhsaithe, comhar trasteorann níos fearr, agus an tábhacht a bhaineann leis an mbonneagar digiteach agus seirbhísí iompair phoiblí a nuachóiriú. Sa bhreis ar an tuairim seo, tá measúnuithe tionchair a bhfuil gnéithe críochacha ag baint leo, mar shampla, na cinn a dhéanann Coiste Eorpach na Réigiún go rialta, tábhachtach chun anailís agus maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí neamhshiméadracha a d'fhéadfadh a bheith ag bearta aonair de chuid an Aontais ar fud chríocha éagsúla an Aontais.

**AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID SEO A LEANAS:**

18. D'ainneoin feabhas beag a bheith tagtha ar an staid ó 2019, bhí thart ar 95 mhilliún Eorpach fós i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2023, rud a léiríonn go gcaithfear dul chun cinn níos gasta agus iarrachtaí breise a dhéanamh roimh dheireadh na deacáide seo chun príomhsprioc 2030[8] agus na spriocanna náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta a bhaint amach. Cé go bhfuil dúshláin éagsúla roimh na Ballstáit maidir le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar riachtanais na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, is iarracht chomhchoiteann é comhtháthú sóisialta agus críochach a chur chun cinn agus neamhionannais chríochacha a laghdú lenar féidir tacú le sprioc an Aontais maidir leis an mbochtaineacht a laghdú, le hiomaíochas agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a shaothrú.

[8] Ar cheann de phríomhspriocanna an Aontais do 2030 i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta tá laghdú 15 mhilliún ar a laghad ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (ar cheart 5 mhilliún díobh ar a laghad a bheith ina leanaí) i gcomparáid le leibhéal 2019.

19. I gcomhréir lena gcúinsí náisiúnta, agus i gcomhthéacs níos leithne a mbeartas um chuimsiú sóisialta faoi seach agus i gcomhréir le creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, d'ullmhaigh na Ballstáit creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh chun tacú leis na Romaigh san Aontas i seacht bpríomhréimse fócais: comhionannas, cuimsiú, rannpháirtíocht, oideachas, fostaíocht, sláinte agus tithíocht. Cé gurb é an aidhm atá ann comhionannas iomlán a bhaint amach, lena n-áirítear an frithghiofógachas agus an t-idirdhealú a chomhrac agus a chosc, tá spriocanna íosta molta ag an gCoimisiún le haghaidh 2030, lena gceanglaítear ar na Ballstáit beartais leordhóthanacha a chur i bhfeidhm. Chun na creataí sin a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu, tá gá le hiarrachtaí breise, i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

20. Tá éagsúlachtaí suntasacha idir na Ballstáit maidir le neamhionannais chríochacha agus shóisialta, lena n-áirítear staid agus suíomh críochach na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh. I gcur chuige an Aontais Eorpaigh maidir le forbairt chríochach, leagtar níos mó béime ar uirlisí atá bunaithe ar phleanáil chríochach straitéiseach agus ar shaintréithe críochacha éagsúla, chomh maith le tábhacht nuálaíochtaí áitiúla, agus is gné atá ag éirí níos tábhachtaí é comhpháirtíochtaí a bhunú. Maidir le cleachtais forbartha réigiúnaí agus a gcur chun feidhme éifeachtach sna Ballstáit, tá go leor deiseanna nár saothraíodh ann fós.

21. Cé go ndéanann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit iarrachtaí leanúnacha chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn, is féidir dúshláin agus bearnaí éagsúla sa chóineasú a shainaithint ní hamháin idir na Ballstáit nó idir na réigiúin, ach ar an leibhéal foréigiúnach freisin. Is féidir le codanna áirithe de bhardais (go háirithe i gcathracha móra), nó fiú bardais iomlána, mar shampla, sráidbhailte beaga, a bheith ina gcríocha ina bhfuil sciar ard daoine atá i mbaol a bheith eisiata go sóisialta. Is minic a bhíonn dúshláin chasta amhail míbhuntáistí socheacnamaíocha agus athruithe socheacnamaíocha sna críocha sin atá faoi mhíbhuntáiste agus d'fhéadfadh leibhéil arda dífhostaíochta a bheith mar thoradh orthu. Chomh maith le heaspa seirbhísí riachtanacha9, is dúshlán saintréitheach é freisin infhaighteacht seirbhísí cumasúcháin agus seirbhísí fostaíochta ar ardchaighdeán[10] a bhfuil ról acu sa chuimsiú sóisialta agus a chuireann leis an gcomhtháthú sóisialta. Is minic daoine ina gcónaí i gcríocha faoi mhíbhuntáiste a bhíonn thíos leis an mbochtaineacht agus le cineálacha éagsúla eisiaimh, leithscartha agus idirdhealaithe, agus ar minic gur de chúlra mionlaigh iad, na Romaigh, mar shampla, nó a bhfuil cúlra imirceach acu.

22. Tá rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán gníomhach daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, agus bearta chun an t-idirdhealú, an leithscaradh agus an frithghiofógachas a chomhrac bunriachtanach chun rochtain chomhionann éifeachtach ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fostaíochta ar ardchaighdeán a áirithiú.

---

[9] I gcomhréir le Prionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, áirítear ar na seirbhísí seo a leanas: uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach.

[10] I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach, ciallaíonn 'seirbhísí cumasúcháin' seirbhísí lena ndírítear ar riachtanais shonracha daoine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu lena áirithiú go mbeidh siad in ann lánpháirtiú sa tsochaí agus, i gcás inarb ábhartha, sa mhargadh saothair, lena n-áirítear seirbhísí cuimsithe sóisialta, mar shampla, obair shóisialta, comhairleoireacht, cóitseáil, meantóireacht, tacaíocht shíceolaíoch, seirbhísí athshlánúcháin agus seirbhísí ginearálta cumasúcháin eile, lena n-áirítear oideachas agus cúram luath-óige, cúram sláinte, cúram fadtéarmach, oideachas agus oiliúint, agus tithíocht. [mír (2) pointe (f)]

23. Is é is aidhm do bhearta uilíocha arna gcomhlánú le bearta spriocdhírithe cuimsiú gníomhach a áirithiú. Is féidir le líonraí cuimsitheacha sóisialta, bonneagair agus seirbhísí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach lena n-áirithítear rochtain éifeachtach chomhionann do chách tacú leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an bhfás cuimsitheach. Ina theannta sin, tá infhaighteacht agus inacmhainneacht an iompair ríthábhachtach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fostaíochta. Úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní ar an leibhéal réigiúnach; líonraí áitiúla a neartú; comhairleoireacht agus cineálacha eile tacaíochta, is tosca tábhachtacha iad freisin ó thaobh inbhuanaitheacht forbairtí agus a neadaithe foréigiúnacha agus pobail a áirithiú, agus ó thaobh cuimsiú sóisialta a phríomhshruthú i bhforbairtí réigiúnacha. Ba cheart gné an phríomhshruthaithe inscne a áireamh sna bearta sin.

24. Tá dlús curtha leis an aistriú digiteach i gcomhthéacs an domhandaithe agus an dul chun cinn theicneolaíoch. Sa bhreis ar na dúshláin a bhaineann leis, is féidir leis an digitiú tairbhí suntasacha sóisialta agus eacnamaíocha a chur ar fáil agus deiseanna a chur ar fáil chun feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí cumasúcháin agus seirbhísí fostaíochta atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inacmhainne. Mar sin féin, d'fhéadfadh eisiamh digiteach a bheith mar thoradh ar luas tapa an aistrithe dhigitigh, agus tá leibhéil éagsúla rochtana ag daoine aonair, teaghlaigh, fiontair agus limistéir gheografacha ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear an t-idirlíon. Chun cuimsiú sóisialta a áirithiú, tá sé ríthábhachtach bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an eisiamh digiteach agus chun tacú le daoine atá i ngátar, agus a scileanna digiteacha agus teanga á gcur san áireamh. Tá sé tábhachtach freisin leanúint de sholáthar seirbhísí neamhdhigiteacha a áirithiú chun freastal ar riachtanais na ndaoine a bhfuil bacainní rompu maidir le húsáid seirbhísí ar líne. Tá sé tábhachtach a aithint freisin gur féidir le bearta digitithe é a dhéanamh níos deacra do dhaoine atá i ngátar rochtain a fháil ar na seirbhísí a theastaíonn uathu.

25. Tógann an tacar conclúidí seo ar obair a rinneadh cheana agus ar ghealltanais pholaitiúla ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa agus ó gheallsealbhóirí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

26. Ag tabhairt dá haire an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme an mholta ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, ina léirítear gur gá iarrachtaí a neartú chun an moladh a chur chun feidhme, agus na torthaí a fuair an Coimisiún agus an tacar conclúidí seo á gcur san áireamh.

**IARANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí agus a n-imthosca náisiúnta, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

27. Comhleanúnachas, éifeachtacht agus neadú a straitéisí forbartha réigiúnaí agus a mbeartas áitiúil agus micreaéigiúnach maidir le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, agus é mar aidhm rochtain chomhionann ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fostaíochta ar ardchaighdeán a áirithiú do chách, beag beann ar an áit ina bhfuil cónaí ar dhaoine, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. tacú le straitéisí áitbhunaithe nó pleananna gníomhaíochta áitbhunaithe a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, bearta um dhídheighilt chríochach, agus na hacmhainneachtaí agus an saineolas is gá a choinneáil nó a fháil chun na straitéisí nó na pleananna sin a fhorbairt, mar shampla trí threoirlínte a eisiúint;

   b. rialachas il-leibhéil leordhóthanach agus sásraí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta seanbhunaithe a áirithiú nó iad siúd atá ann cheana a neartú, lena gcuirfear ar a gcumas dóibh siúd atá ag obair ar leibhéil éagsúla rialtais sna hearnálacha ábhartha uile comhoibriú i bpleanáil, cur chun feidhme agus meastóireacht beartais, chomh maith lena n-idirghabhálacha a chomhordú agus a threisiú go frithpháirteach agus iad a oiriúnú, bunaithe ar shonraí ardcháilíochta, tráthúla agus iontaofa atá imdhealaithe de réir inscne agus aoise, do riachtanais áitiúla/micriréigiúnacha na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh. Ba cheart do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, ionadaithe daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, eagraíochtaí agus saineolaithe atá ag obair ar son an chuimsithe shóisialta, eintitis an gheilleagair shóisialta agus na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir lena ról agus lena neamhspleáchas, a bheith rannpháirteach sna sásraí comhairliúcháin;

c. tacú le comhar críochach na n-údarás áitiúil, na mbardas agus na n-eintiteas críochach (lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, i gcomhthéacsanna trasteorann agus trasnáisiúnta), ionas gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin maidir le rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus seirbhísí fostaíochta ar ardchaighdeán trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil;

d. feabhas a chur ar shainaithint agus mapáil na gcríoch atá faoi mhíbhuntáiste nó atá deighilte ó thaobh tithíochta de (bardais agus/nó codanna de bhardais) ina bhfuil sciar ard den daonra ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó ina bhfuil eisiamh sóisialta. Is féidir é sin a bhunú, mar shampla, ar mheascán iomchuí táscairí sóisialta agus eacnamaíocha atá imdhealaithe de réir inscne agus aoise (e.g. lena n-áirítear ráta fostaíochta, leibhéal ioncaim, díth ábhartha, oideachas, oiliúint agus scileanna, cúram sláinte, tithíocht, iompar, nó i gcás inarb ábhartha, táscairí maidir le daoine a bhfuil cúlra imirceach acu etc.);

e. an t-eolas agus an saineolas atá ann i measc fhoireann ábhartha na soláthraithe seirbhíse a fheabhsú trí fheasacht a mhúscailt agus oiliúint a thairiscint maidir le cóir chomhionann agus an t-idirdhealú a chomhrac.

f. tacú le forbairtí comhtháite áitiúla/micriréigiúnacha a fhreagraíonn do dhúshláin chasta i gcríocha atá faoi mhíbhuntáiste nó i gcríocha atá deighilte ó thaobh tithíochta de, agus úsáid á baint as cistí an Aontais agus as cistí náisiúnta atá ann cheana.

g. aird a thabhairt ar shaintréithe éagsúla na limistéar tuaithe agus uirbeach, agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis na huirlisí atá ann cheana, ar nós pleanáil faoi stiúir an phobail nó pleanáil shóisialta, lena n-áirítear i bhforbairtí atá dírithe ar chuimsiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh.

h. an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcistiú uile atá ar fáil, agus comhlántachtaí agus cineálacha cur chuige comhtháite á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na dtorthaí a bhaintear amach.

i. faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí agus na gcistí a úsáidtear le haghaidh cuimsiú sóisialta.

28. Aird a thabhairt ar na gnéithe críochacha a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus seirbhísí fostaíochta ar ardchaighdeán a fheabhsú, agus ar dhul i ngleic le neamhionannais chríochacha a chuireann bac ar chuimsiú sóisialta. B'fhéidir, chun na gcríoch sin, go bhféadfadh na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. tacú le bearta comhtháite lena gcomhcheanglaítear forbairtí sna réimsí seo a leanas: an fhostaíocht, an cuimsiú sóisialta, an tithíocht, cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus cúram leanaí fadtéarmach, an t-oideachas agus an oiliúint chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine óga*,* agus ar mhná agus, i gcás inarb ábhartha, daoine a bhfuil cúlra imirceach acu;

b. úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, lena n-áirítear seirbhísí poiblí leictreonacha, d'fhonn comhionannas rochtana a fheabhsú. Chun freastal ar riachtanais na ndaoine a bhfuil bacainní rompu maidir le húsáid seirbhísí ar líne, leanúint de sholáthar leormhaith seirbhísí neamhdhigiteacha agus infhaighteacht iompair phoiblí a áirithiú;

c. tacú le rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, trí bhonneagar a fhorbairt chun naisc idirlín a fheabhsú agus trí bhearta nithiúla a dhéanamh chun scileanna digiteacha a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin an t-eisiamh digiteach a laghdú;

d. leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an teicneolaíocht dhigiteach chun míbhuntáistí a bhaineann le scileanna a laghdú, go háirithe i limistéir fhorimeallacha agus iargúlta; agus

e. páirt a thabhairt don earnáil neamhphoiblí i ndearadh agus i seachadadh seirbhísí chun an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LENA gCUID INNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

29. A áirithiú go gcothófar an fhorbairt réigiúnach le beartais phobalbhunaithe agus áitbhunaithe agus éagothromaíochtaí inmheánacha á laghdú ag an am céanna, lena n-áirítear an idirdheighilt agus an t-eisiamh spásúil agus go dtacófar le rochtain ar sheirbhísí ábhartha. Is príomhthosca freisin iad an comhar a neartú idir réimsí beartais ábhartha agus idir gach leibhéal rialachais, lena n-áiritheofar príomhshruthú inscne chomh maith le riachtanais shonracha daoine atá ina gcónaí sa chríoch chéanna faoi mhíbhuntáiste (ar nós riachtanais leanaí nó daoine faoi mhíchumas) a chur san áireamh chun a áirithiú go ndéanfar gnéithe den chuimsiú sóisialta a léiriú agus a phríomhshruthú go maith san fhorbairt réigiúnach, tuaithe agus uirbeach.

30. A ndícheall a dhéanamh cur chuige críochach a shaothrú agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bhforbairtí ó thaobh críche de i dtuarascálacha agus i meastóireachtaí ar chur chun feidhme creataí straitéiseacha náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear chun feabhas a chur ar staid na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, agus ar an rochtain atá acu ar sheirbhísí.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

31. Machnamh a dhéanamh ar a thábhachtaí atá laghdú na n-éagothromaíochtaí críochacha sa phlean gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i straitéis an Aontais i gcoinne na bochtaineachta atá ar na bacáin.

32. Machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Cáilíochta Eorpach deonach le haghaidh seirbhísí sóisialta i gcomhpháirt leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta, agus sa chomhthéacs sin, machnamh a dhéanamh ar acmhainneacht na seirbhísí sóisialta éagothromaíochtaí críochacha a laghdú agus ar úsáid an digitithe chun rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fostaíochta ar ardchaighdeán a fheabhsú.

**IARRANN SÍ AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AGUS AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA, I gCOMHRÉIR LENA gCUID INNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

33. Machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht agus ar an mbreisluach a bhaineann le feabhas a chur ar tháscairí sóisialta ábhartha an Aontais chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát críocha faoi mhíbhuntáiste a shainaithint, feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus ar sheirbhísí fostaíochta ar ardchaighdeán agus chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí lena ndírítear ar chríocha faoi mhíbhuntáiste, agus na táscairí agus na sonraí atá ann cheana atá imdhealaithe de réir inscne agus aoise á gcur san áireamh.

34. Comhroinnt eolais agus malartú dea-chleachtais idir na Ballstáit a thionscnamh agus a spreagadh, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar bhonn deonach, a mhéid a bhaineann le neamhionannais chríochacha a shainaithint, a thomhas agus a bhainistiú, lena n-áirítear trí straitéisí agus pleananna gníomhaíochta áitiúla agus áitbhunaithe atá bunaithe ar shonraí agus ar fhianaise ardcháilíochta chun tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí anailíseacha náisiúnta.

## Na Tagairtí

**Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais**

- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1226&langId=ga

**Reachtaíocht an Aontais**

- Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180/22, 19.7.2000, lch. 22)

- Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (IO L 231/21, 30.6.2021)

**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

- Moladh an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (IO C 93/1, 19.3.2021)

- Moladh (AE) 2021/1004 an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223/14, 22.6.2021)

- Moladh an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (IO C 41/1, 3.2.2023)

- Moladh an 27 Samhain 2023 maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (IO C, C/2023/1344)

- Conclúidí chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith dhídheighilte a áirithiú do Romaigh, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte (13517/23)

**Parlaimint na hEorpa**

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Deireadh Fómhair 2022 maidir le staid na Romach atá ina gcónaí i lonnaíochtaí san Aontas Eorpach (2022/2662(RSP))

**An Coimisiún Eorpach**

- Treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach maidir le creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh a phleanáil agus a chur chun feidhme (COM(2020) 620 final)

- An 9ú tuarascáil maidir leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach

https://ec.europa.eu/regional_policy/information-sources/cohesion-report_en

- Rochtain ar sheirbhísí riachtanacha: príomhdhúshláin do na daoine is leochailí – tuarascáil

https://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=89&furtherNews=yes&newsId=10595&pk_source=newsletter&pk_medium=email&pk_campaign=eusocial_newsletter

- Clár Oibre Críochach 2030 – Todhchaí do gach áit

https://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications/brochures/2021/territorial-agenda-2030-a-future-for-all-places

- Moladh maidir le 'Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa' (5252/23 + ADD1)

**Coiste na Réigiún**

- Tuairim maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais chríochacha trí rochtain ar sheirbhísí sóisialta a fheabhsú

- Measúnú tionchair chríochaigh

https://cor.europa.eu/en/our-work/Pages/Territorial-Impact-Assessment.aspx

**An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha**

- Suirbhé Romach 2021

https://fra.europa.eu/en/themes/roma

- Equality in the EU 20 years from the initial implementation of the equality directives [Comhionannas san Aontas Eorpach 20 bliain ó chur chun feidhme tosaigh na dtreoracha maidir le comhionannas]

https://fra.europa.eu/en/publication/2021/fra-opinion-eu-equality-20-years

- Fundamental Rights Report [Tuarascáil maidir le Cearta Bunúsacha] 2024

https://fra.europa.eu/en/publication/2024/fundamental-rights-report-2024

**Eile**

- Tuarascáil ón ngrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa san Aontas

https://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=88&eventsId=2057&furtherEvents=yes&pk_source=newsletter&pk_medium=email&pk_campaign=eusocial_newsletter